AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Fraochmhánna

Is éard atá i bhfraochmhánna ná limistéir oscailte talún, ar dhrochithreacha go ginearálta agus gan ach beagán crann orthu. Déantar fraochmhánna i raon coinníollacha éagsúla ithreach agus aimsire in Éirinn. Bíonn siad le fáil i limistéir na nísealchríoch agus na nardtailte, i limistéar intíre agus ar an gcósta. Is féidir le fraochmhá foirmiú ar ithreacha tanaí móinteacha, ar ithreacha cailcreacha síothlaithe, ithreacha gainmheacha agus ithreacha tanaí mianracha. Is iomaí cineál fraochmhá difriúil atá ann agus ní fraochmhánna fraochacha iad ar fad. Is fairsinge go mór na féir, caonaigh nó léicin *(lichens)* atá ar roinnt fraochmhánna. Bíonn roinnt eile ina bhfraochmhánna tirime nó fliucha. Is iad na príomhghnáthóga a bhíonn i láthair i bhfraochmhánna ná fraoch oscailte tirim, ithir lom ghainmheach, fraoch fliuch, portaigh agus uisce oscailte. Bíonn fraochmhánna ina dtearmann don dúlra fiáin agus tá géarghá le hiad a chaomhnú.

Fraochmhánna na hÉireann

Roinntear fraochmhánna ina dhá bpríomhchineál agus an rangú is fairsinge á dhéanamh orthu: fraoch fliuch agus fraoch tirim, ag brath ar a fhliche is atá an ithir nó ar chruas na haeráide.

Má dhéantar scrúdú níos grinne orthu áfach, tá cúig chineál fraochmhá dhifriúla le fáil in Éirinn, mar seo a leanas:

- *1. Fraoch Siliciúil Tirim*
- *2. Fraoch Cailcreach Tirim*
- *3. Fraochanna ar Dhumhcha Gainimh*
- *4. Fraoch Fliuch*
- *5. Fraoch Sléibhe*

1. Fraoch Siliciúil Tirim

Bíonn fraoch siliciúil tirim le fáil ar thalamh réidh agus ar thalamh lena bhfuil fána ghéar agus ar thailte idir eatarthu i limistéir ardtailte agus na n-ísealchríoch. Bíonn na hithreacha faoina mbun réasúnta tirim nó draenáiltear ábhair go saoráideach amach astu ach bíonn siad aigéadach agus gann in ábhair chothaitheacha. Is é an fásra a fhásann orthu go tipiciúil ná Fraoch Coiteann, Fraoch Cloigíneach, Tom Fraochán, Aiteann Gaelach a fhásann go híseal, Aiteal sínte, Lus na Feannóige, Lus na Stalóg agus Bódhearc. Sampla: Ó Cualann, Co. Chill Mhantáin.

2. Fraoch Cailcreach Tirim

Tarlaíonn Fraoch Cailcreach Tirim i limistéir aolchloiche ar thalamh carraigeach go príomha nó ar ithreacha tanaí atá dea-dhraenáilte agus a bhfuil bonn saibhir leo. Is coitianta sraitheanna dhromhchla na hithreach a bheith síothlaithe agus fágann sé seo go bhfásann plandaí, a mbainfí le hithreacha aigéid de ghnáth, go rábach. Áirítear na speicis seo a leanas ar an bhfásra: Fraoch Coiteann, Fionnán agus Néalfartach, le cois raon d'fhéir agus luibheanna leathanduilleacha a bhaintear le féarthailte de ghnáth. Sampla: Ceann Boirne, Co. an Chláir.

3. Fraochanna ar Dhumhcha Gainimh

Is éard atá i ndumhcha socraithe ná iomairí cobhsaithe *(stabilised)* ná cnoic ghainimhe atá a bheag nó a mhór faoi chlúdach fásra go hiomlán, agus mar a bhfuil húmas tar éis carnadh san ithir. Is féidir le cumainn fhraoigh a bheith iontach fairsing ó thaobh fásra i limistéir den sórt sin. Is féidir le féir thrébhliantúla mhínduilleacha amhail Feisciú Rua, agus Beintigh a bheith iontach fairsing chomh maith le Fraoch Coiteann, Fraoch Cloigíneach, Saileach Reatha agus raon luibheanna éagsúla leathanduilleacha lena n-áirítear Glanroisc, Luibh na nDaitheacha, Méara Muire, Slánlus, Fiacail Leoin agus Tím Chreige. Sampla: Dumhcha Bhoth Chróine, Co. Chill Mhantáin.

4. Fraoch Fliuch

Tarlaíonn fraoch fliuch ar ithreacha móinteacha agus ar mhóinte fliucha tanaí a mbaineann doimhne 15-50 cm ar an meán go tipiciúil leo. Is féidir le fraoch fliuch tarlú i limistéir na n-ardtailte agus na n-ísealchríoch agus bíonn sé forleitheadach ar fhánaí ísle cnoc agus sléibhte atá ró-thirim nó crochta ró-ghéar le go bhféadfadh móin dhomhain carnadh orthu. Is féidir leis mósáicí a dhéanamh le bratphortach agus le fraoch siliciúil tirim. Bíonn Fraoch Coiteann agus Fraoch Naoscaí iontach fairsing i measc fraoigh fhliuch, nó Fionnán agus cíbeanna. Áirítear Fraoch Cloigíneach, Lus na Feannóige, Cíb Cheanngheal, Luachair Chaoráin agus Cíb Fhéithghlas ar speicis choitianta eile. Bíonn cuid mhór faoi chlúdach caonaigh agus léicin agus áirítear na speicis seo a leanas air sin: Hylocomnium splendens, Dicranum scoparium, Rhytidiadelphus loreus, Foltchaonach agus speicis Sfagnaim amhail S. papillosum, S. subnitens agus S. capillifolium. Bíonn fraoch fliuch difriúil le fraoch siliciúil tirim sa mhéid is go mbíonn Fraoch Naoscaí, Fionnán agus Cíb Cheanngheal go flúirseach. Sampla: Sliabh Beatha, Contaetha Mhuineachán, Thír Eoghain agus Fhear Manach



Dáileadh na bhFraochmhánna in Éirinn (Arna chur in oiriúint ó Atlas na hÉireann le hAcadamh Ríoga na hÉireann)

Is furasta | difríocht a dhéanamh



Rogha fiadhúlra a bhíonn le fáil ar fhraochmhánna na hÉireann. 1. Raithneach Mhór; 2. Foltchaonach; 3. Cromán na gCearc; 4. Léicean; 5. Tomfraochán; 6. Caislín Dearg; 7. Meirliún; 8. Magairlín; 9. Fuiseog; 10. Riabhóg Mhóna; 11. Impire; 11. Damhán Alla; 13. Giorria agus 14. Laghairt Bheobhreitheach.

5. Fraoch Sléibhe

Bíonn cuid mhaith mion-tor agus/nó caonach ina gclúdach ar fhraoch sléibhe agus tarlaíonn sé sna harda ar shléibhte agus i suímh eile atá in aghaidh na síne go mór sna hardtailte nó ar an gcósta. Baintear fraoch sléibhe le hithreacha tanaí mianracha nó le móinte de ghnáth atá á gcreimeadh agus neamhchobhsaí. Bíonn sé le fáil ar limistéir charraigeacha scaoilte agus dhríodair ghairbh ar bhairr agus ar iomairí sléibhte. Fágann mórchuid báistí agus taiseachais go gcoinnítear fraoch sléibhe an-fhliuch fiú má bhíonn ithreacha carraigeach nó má dhraenáiltear ábhair go saoráideach amach astu. Mion-toir chraptha agus múnlaithe ag an ngaoth is mó a bhíonn i gceist leis an bhfásra amhail Lus na Feannóige, Fraoch Coiteann agus Lus na Stalóg agus nó toir shínte amhail an Mhionsaileach agus Aiteal. Ba chóir don fhásra sin 50% den tír-raon a chlúdach ar a laghad. D'fhéadfadh caonaigh a bheith iontach fairsing i measc fraoigh shléibhe freisin. Tarlaíonn féir a fhásann go híseal san fhásra freisin amhail Giobfhéar, Feisciú Beobhreitheach agus Fíteog. Tarlaíonn na speicis seo a leanas fosta: Luachair Chaoráin, Cíb Shléibhe, Luibh na bhFear Gonta, Samhadh Caorach, Garbhógach, Caonach Ceanngheal, agus Foltchaonach. D'fhéadfadh brait fhorleitheadacha léicean a bheith i measc fraoigh shléibhe freisin. Sampla: Fraoch Chnoc Maol Réidh Chnoc Shíofra na hOirimhe, Co. Mhaigh Eo

Fásra Fraochmhánna

Is é an speiceas toir is flúirsí agus is feiceálaí ar fhraochmhánna ná baill d'fhine phlandaí an fhraoigh, go háirithe an Fraoch Coiteann. Bíonn Fraoch Cloigíneach coitianta agus tarlaíonn Fraoch Naoscaí sna háiteanna a bhíonn níos fliche. Bíonn Aiteann agus Giolcach Shléibhe, ar baill d'fhine na bpiseanna araon iad, coitianta freisin agus bíonn an talamh clúdaithe le Tom Fraochán, Tom Monóg agus Lus na Feannóige i roinnt áiteanna. Is minic a bhíonn Raithneach Mhór iontach forleitheadach sa radharc i limistéir thirime. Bíonn Léicean Meigeallach agus Caipín Dearg ina mbrat ar an talamh idir toim an fhraoigh. Cé nach féir na plandaí is fairsinge, bíonn go leor speiceas le fáil agus iad scaipthe ar fud limistéar fraochmhánna agus áirítear na speicis seo a leanas ina measc siúd: Feisciú Caorach, Giobfhéar, Beinteach Choiteann, agus Fionnán sna fraochmhánna a bhíonn níos fliche. Áirítear na plandaí luibheacha seo a leanas ar na plandaí tipiciúla: Samhadh Caorach, Luibh na bhFear Gonta, Néalfartach, Lus Cré Fraoigh agus Beathnua Baineann. Is féidir le caonaigh brait dhlútha ghlasa a dhéanamh i gcuasóga idir na toir. Bítear in ann dosanna geala buí glasa *Dicranum scoparium* a fheiceáil go héasca mar a bhíonn amhlaidh le Foltchaonach a mbíonn cuma chrainn ghiúise bhídeach air. Déanann *Hypnum cupressiforme* brait dhlútha bhánghlasa faoi bhun an fhraoigh. Tarlaíonn na speicis seo a leanas

Fraoch ar Fhraochmhánna

Is é an planda is coitianta ar fhraochmhánna ná Fraoch nó Fraoch Coiteann, planda nach bhfuil ach an méid is lú d'uisce agus de mhianraí ag teastáil le maireachtáil beo. Mion-tom síorghlas is an Fraoch Coiteann ar a bhfuil roinnt mhaith duilleog beag cíorach a théann thar a chéile ina líne in dhá shraith ar aghaidh a chéile ar na craobha iomadúla. Tagann na bláthanna bándearga éadrom amach ó mhí Lúnasa go dtí Méan Fómhair agus is féidir iad a idirdhealú ar na speicis eile fraoigh mar gheall go mbíonn an chailís níos faide agus an dath céanna uirthi agus a bhíonn ar an gcoróinín. Pailníonn feithidí é, go háirithe Tripeas. Is féidir le planda Fraoigh maireachtáil chomh fada le 30 bliain, ach ní féidir le síológa ginidiú ach in ithir lom amháin. Mura mbaintear an fásra eile ar shiúl mar sin, de bharr tine nó ainmhithe ar féarach, is féidir le fraoch imeacht i léig ar fad as fraochmhá. Braitheann Cearca Fásta Fraoigh ag ar an bhFraoch Coiteann le haghaidh bia agus foscaidh. Braitheann péist an Impire ar an bhFraoch le haghaidh bia freisin. Is minic a fheictear cocúin dhonna síoda an leamhain seo agus iad greamaithe do ghais an fhraoigh.

i limistéir fhraochmhánna a bhíonn níos fliche freisin: Drúchtín Móna, Ceannbhán Gaelach, Sciollam na Móna, Lus an Chiorraithe, agus Gobsheisc.

Ainmhithe Fraochmhánna

Bíonn saibhreas inveirteabrach i bhfraochmhánna. Bíonn coinníollacha teo grianmhara riachtanach do go leor speiceas agus is fearr leo fánaí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas. Bíonn paistí de thalamh lom, nach bhfuil faoi chlúdach fásra, tábhachtach do roinnt grúpaí, agus méadaítear go mór líon na speiceas a shíolraíonn in ithir thais go tipiciúil má bhíonn talamh portaigh ann. Bíonn thart faoi leathchuid speiceas na snáthaidí móra *(dragonfly)* a tharlaíonn in Éirinn le fáil i bhfraochmhánna lena n-áirítear an Bhéchuil Dhearg Mhór, an Bhéchuil Choiteann Ghorm, Snáthaid Mhór Chlúmhach, Seabhcaí Coiteann, Ruagaire Ceathairbhallach agus an Sciobaire Rua. Bíonn na linnte beaga ag teastáil uathusan ach go háirithe le haghaidh a n-uibheacha agus a larbha. Bíonn fraochmhánna ina ngnáthóg thábhachtach d'fhéileacáin agus leamhain amhail an Stiallach Uaine, Impire, Ubhóg Dharach agus Leamhan Sionnaigh.

Bíonn Dreoilíní Teaspaigh *(ceolairí, crucaide nó grasshopper)*, ar minice a chloistear ná a fheictear iad, forleitheadach ar fhraochmhánna. Is féidir an Mórchrucaide Caoráin a fheiceáil i bhfraochmhánna fliucha. Bíonn beacha agus foichí (wasps) flúirseach freisin. Bíonn an talamh lom tábhachtach d'Fhoichí Aonair ach go háirithe lena gcuid neadacha a thochailt. Tá an Chiaróg Thíograch Uaine ar fheithidí eile i bhfraochmhánna ar cuid súl go mór iad.

Bíonn saibhreas damhán alla i bhfraochmhánna mar is léir ar líonta speiceas áirithe a bhíonn ina mbrat ar thoim amhail Aiteann go luath ar maidin agus iad faoi dheora drúchta.

Is féidir leis an bhfairsinge mhór d'fheithidí éagsúla sna fraochmhánna tacú le pobal Dalóg Fraoigh ach gan an iomarca díobh a bheith san aon áit amháin. Tarlaíonn an Laghairt Bheobhreitheach, an t-aon reiptíl in Éirinn, ar fhraochmhánna.

An 10 bPlanda Is Fairsinge ar Fhraochmhánna

Fraoch Cloigíneach
Muiríneach
Tom Fraochán Gorm
Raithneach Mhór
Fraoch Naoscaí
Aiteann
Foltchaonach
Nuacht Bhallach an Chaoráin (Cailleach Bhreac nó Cearc Bhreac)
Fraoch Coiteann
Fionnán

Éin na bhFraochmhánna

Baineann speicis na n-éan feithiditeach amhail Caislín Aitinn, Caislín Cloch, Lon Creige, Ceolaire Cíbe, Riabhóg mhóna agus Gilphíb leas as saibhreas na n-aithmhithe feithideacha a bhaineann le fraochmhánna sa séasúr cúplála.

Is minic a bhíonn cantain na Riabhóg móna agus na Fuiseog le cloisteáil go fairsing os cionn fraoigh. Déanann Riabhóga móna a neadacha i bhFionnán agus bíonn siad ina n-óstaigh do Chuacha ar an bhfraochmhá go rialta.

Cloistear cnagadh suaithinseach Caislíní Cloch agus glaoch na Cuaiche sa samhradh go minic. Déanann Gilphíbeanna a neadacha ar Aiteann agus i limistéir toir go rialta. Bíonn clúmh an éin fhirinn follasach go háirithe sa samhradh, agus bíonn caipín liath orthu, píb bhán agus eití rua orthu. Itheann siad feithidí agus a larbha, damháin alla agus torthaí. Is féidir an Caislín Cloch a fheiceáil ina suí go feiceálach ar fhormhór na bhfraochmhánna sa samhradh agus é ar

bharr na dtom aitinn, a eireaball agus a chuid eití ag preabadh go seasta agus é ina sheasamh cruinn díreach. Is féidir é a idirdhealú ar an gCaislín Aitinn mar gheall ar chomh bídeach is atá sé agus an t-eireaball atá dorcha ar fad gan aon chleití bána ann. Déanann sé a nead ar an talamh ón gcuid deiridh de mhí Mhárta go dtí mí Lúil, beireann sé 5-6 ubh bhánghorma agus déanann an t-éan baineann iad a ghoradh. Cuairteoirí samhraidh ar fhraochmhánna is ea na Caislíní Aitinn, i gcaitheamh mhí Aibreáin go dtí Deireadh Fómhair.

Téigh go dtí imill fraochmhánna atá faoi choillte le contráth na hoíche amach i mí na Bealtaine go dtí mí Lúnasa go gcloise tú bíogarnach aontonach an Tuirne Lín. Téann an Chearc Fraoigh ag faoileoireacht go híseal trasna an fhraochmhá agus glaochanna grágaíola rabhaidh á thionlacan. Tugtar raon feithidí éagsúla do na heireoga *(chicks)* lena n-áirítear cuileoga, ciaróga agus damháin alla, ach de réir mar a théann na héin in aois, is beag nach buinneáin óga Fraoigh, duilleoga an Toim Fhraocháin agus an Toim Fhraocháin Ghoirm a dhéanann aiste bia iomlán na n-éan. Tógann an Chearc Fraoigh a neadacha i dtoim aibí Fraoigh freisin.

Bíonn cúig éan creiche nótálta ag ithe i bhfraochmhánna i rith shéasúr na cúplála, mar atá, Cromán na gCearc, Meirliún, Clamhán, Pocaire Gaoithe agus an Fabhcún Gorm. Is é an Meirliún an t-éan creiche is lú in Éirinn agus bíonn sé ag eitilt go cliste dásachtach agus é ag sealgaireacht Riabhóg ar an bhfraochmhá. Bíonn Cromáin na gCearc ag tabhairt cuairte ar na fraochmhánna i gcaitheamh an gheimhridh agus iad ag sealgaireacht mamach agus éan go háirithe ó mhí Dheireadh Fómhair go Márta.

Éin na bhFraochmhánna

Clamhán
Cág Cosdearg
Cuach
Feadóg Bhuí
Cromán na gCearc
Pocaire Gaoithe
Riabhóg mhóna
Meirliún
Tuirne Lín
Fabhcún Gorm
Cearc/Coileach Fraoigh
Lon Creige
Ceolaire Cíbe
Fuiseog
Caislín Cloch
Gleoiseach Sléibhe
Caislín Aitinn
Gilphíb

Bagairtí ar Fhraochmhánna

Is é an rud is mó atá ag bagairt ar fhraochmhánna ná gnáthóga a bheith á gcailleadh, de bharr na ngníomhaíochtaí seo a leanas go príomha: talamh a bheith á tabhairt chun míntíreachais, crainn á gcur ar na fraochmhánna, an iomarca díobh á dó, crainn ghiúse agus bheithe ag cur isteach orthu, gluaisrothair á gcur trí chéile, marcaíocht capall agus Raithneach Mhór ag cur isteach orthu. Tógann sé achar fada ar phlandaí clúdach ar an talamh a athdhaingniú ar dhrochithreacha na bhfraochmhánna tar éis dochar a bheith déanta dóibh.

Is féidir le hathruithe móra teacht ar an ngnáthóg má bhainistítear fraochmhánna go místuama. Baineadh úsáid as tine go traidisiúnta le mósáic fraoigh ar aoiseanna difriúla a chothabháil, rud a chuireann ar chumas phlandaí traidisiúnta na bhfraochmhánna iad féin a dhaingniú. Cabhraítear leis an Raithneach Mhór spré amach áfach má dhóitear an fraoch uair i ndiaidh a chéile, agus d'fhéadfadh an planda sin bheith ar an bplanda is fairsinge ar an bhfraochmhá dá bharr mar gheall nach féidir le mórán plandaí eile fás cóngarach dá fhréamhacha nimhiúla.

Táthar ag déanamh paistí beaga deighilte amach óna chéile de na fraochmhánna agus tá sin ar na príomhnithe atá ag bagairt orthu. Tá nasc díreach ann idir méid an fhraoigh agus líon na speiceas a bhíonn i láthair – is lú go mór líon na speiceas plandaí agus ainmhithe a bhíonn ar fhraoigh atá níos lú. Tá fairsinge mhór na bhfraochmhánna á briseadh de bharr a míntírithe le go mbainfear úsáideanna eile as an talamh. Níl ach paistí beaga den fhraochmhá ann a thuilleadh, rud a fhágann nach féidir leis na plandaí agus na hainmhithe é a choilíniú an athuair má dhéantar dochar do limistéar trí thine mar shampla, toisc go bhfuil na píosaí den fhraochmhá na ciliméadair fhada óna chéile.

Fraochmhánna a Chaomhnú

Is é Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann an eagraíocht neamhrialtais atá ag obair chun fraochmhánna agus gnáthóga eile ar thailte móna a chaomhnú. Tá liosta de fhraochmhánna atá tábhachtach ó thaobh caomhnúcháin in Éirinn tiomsaithe againn. Táimid ag obair leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le go dtabharfar faoi shuirbhéireacht náisiúnta ar na láithreáin seo d'fhonn sampla ionadaíoch díobh a chaomhnú mar Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha go mbainfeadh na glúine atá le teacht taitneamh astu.

Fraochmhánna i gCló

A Guide To Habitats In Ireland le Julie A. Fossitt, arna fhoilsiú ag an gComhairle Oidhreachta, Cill Chainnigh, Éire 2000.

Heathlands le Chris Packham, arna fhoilsiú ag Collins, Londain 1989.

Ireland A Natural History le David Cabot, arna fhoilsiú ag HarperCollins, Londain 1999.

Wild Wicklow le Richard Nairn agus Miriam Crowley, arna fhoilsiú ag Town House, Baile Átha Cliath 1998.

Fraochmhánna ar an Idirlíon

Is féidir breis eolais a fháil ar fhraochmhánna na hÉireann ag www.ipcc.ie

Is féidir breis eolais a fháil ar fhraochmhánna na Ríochta Aontaithe ag www.english-nature.org.uk/heathlands/

Arna ullmhú ag
Dr Catherine O'Connell
Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann
Ionad Dúlra Mhóin Alúine, Loilíoch Mór, Ráth Iomgháin, Co. Chill Dara. Lúnasa 2003
Téacs agus saothar ealaíne faoi chóipcheart Chomhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte
Eanáir 2005